

The Cuckoo and its Ways.

69-72

Is iomdha sin éan ann a bhfuil cion againn ortha agus mbíonn súil againn i n-airde le n-a n-aghaidh san earrach. An lon agus a lán-guth fídeogach in aimsir guir, an smólach ceol sile-glórach agus an ghrian a dhul faoi, an fhuiseog ós ár gcionn agus glan port-rinnceamhail agus é a dhul a lagadh. Nuair is clos dúinn iad imthighimid ar eilteog draoidheachta siar go dtí laethe ar n-óige tráth a raibh an domhain ar fad faoi dearg-sgáil an róis. Ach ní draoidheacht go dtí cúchaireacht na cuaiche agus ar chéadchlos an éin dúinn beidh an scéal ina lán béil againn ar feadh an lae. Tá glaoth na cuaiche có sona sásta sin go léimeann an croidhe ionainn le fáilte roimhe. Sinn féin a bhfuil comnaidhe orainn i ndúthaigh choilleach is minice an chuach dá chlos ná feiceál againn, agus ar an adbhar sin is feidir leis na caracáin bheaga a bhíos ag deanamh athris ar an gcuach sinn a mhealadh sul má bhíonn mí Mhárta féin caithte.

Níl ach beagan lá ó bhí beirt dúil-eolaidhe ag conspóid le chéile faoin gcaoi a leagann an chuach an ubh sa nead. Bhí leabhar faoin rud céadna sgríobhta ag chaon duine aca agus bhí an argúint có te sin gur chuir duine seo geall míle punt leis an duine eile gurbh aige féin a bhí an ceart. An fear a cruthochadh an ceart a bheith aige féin bhí an dá mhíle le bheith aige.

Is deacair aitiú ar dúil-eolaidhe ar bith nach cuach dhaonna a bhíos ag glaodhach is na coillte go dtí go mbíonn lán seachtaine nó coigcise den Aibreán caithte is i ndeire na míosa sin a thig an chuach de ghnáth agus siad Bealtaine agus Meitheamh an dá mhí is mó a gcloistear a glan-gairm. Níl éan ar bith is mó a sgríobhadh faoi ná an chuach ná is mó a rinneadh caismirt agus aighneas faoi. Níl éan ar bith eile d'éanacha na Breataine a bhfuil an nós aduain aice ná aicese, a huibheacha a bhreith i nead éin eile. is iomdha leabhar a foillsigheadh le cruthú a thabhairt ar cé aca an gcaoi na leagann sí an ubh sa nead – le n-a gob nó le na crúb, ar an uimhir uibheacha a bheireann sean-chearc cuaiche agus ar an gclaoineadh atá aice do nead de chineál áithrid seachas cineál eile.

Sé is dóchaighde go mbeireann an chuach an ubh sa nead má bhíonn deis aice air sin, agus mara mbíonn deis aice air sin a dhéanamh go gcuireann sí an ubh sa nead le na crúb nó le na gob. Adbar mór conspóide eile seadh an réasún a gcaitheann an chuachóg na húinearaí dílse as an nead. Caitheann sí amach iad gan bhréig agus é sin i bfíor-thús a laethanna agus gan í ach ina sgalltán dearg gan radharc aice ná spreacadh.

Cén sort dúthchais a mheabhróchadh dí san am áirithid seo go mba fearrda í féin agus í faoi chúram a tuismí altroma gan an dara gob a bheith le riar aca? W. Hudson, dúil-eolaidhe aoibhinn cruinn-radharc a cailleadh ar na mallabh d'fuasgail sé an cruaidh-bheart seo. Dhearbhúigh sé go bhfuil ball airightheach ar cheart-lár droma na cuachóige de bhrigh go bhfuil toirt agus truime innte tuiteann sí ina cnap ar urlár na nide nuair a airigheann sí ubh nó sgalltán ar a druim crapann sí í féin i n-áirde amhail is dá mbeidh tocht den breoiteacht mhór uirthé agus craitheann sí dá druim bog thar béal na neide an meadhchan gránna agus síos léithe ina cnap arís. Níl rud d'iomad toirtíní éadroma nar chaith sí dí ar an gcuma gcéadta. Ní fada a mhaireann an cleachtadh sin ag an gcuachóig agus ní

feidir a rádh le cinnteacht gur b'amhlaidh a chailleans an ball droma an airightheacht nó an eirigheann na sgalltáin dílse ró-throm le na gcaitheamh amach agus an gabháltaidhe isteach bíonn air sócamhail a dhéanamh den dócamhail agus a shuimneas a dhéanamh le na n-ais.

Ní bhaoghal nach dtugann sí aire go bfághann sí féin an ceann rabhar den bheatha a dtugann na tuismí beaga altroma abhaile. Is dóigh leis an gcuid is mó againn gur éan coille an chuach ach is fairsinge cuacha ar creaga Conmara, agus cé gurbh iongantaighe fós le rádh é is fairsinge iad ar oileanabh fairrge an iarthar ná ins na coillte i lár na tíre Conamara nó trí nó ceithre cinn de chuacha i n-aice a chéile i nÁrainn agus iad uile ag glaodhach go greadanta agus bhí mac alla ar fud an oileáin ag cuacha eile a bhí abfad uainn.

Is féidir lán súl de na héanacha ailne seo fhagháil i ndúthaigh na gcreag mar caitfidh siad agus gan neart ar bith aca ar caithfidh tuirling ar na balla cloch agus ar na carraigreacha. Connaic mé i nInis Bó Finne cuach a troid le riabhog mhóna i n-áit nach leigfeadh an riabhóg don chuach dhul a breith ar a nead. Lean an chuach don troid feadh ceathramha uaire agus ní fios cén toradh a bheadh ag an teangbhail mar chuir madadh óg a ladhar sa siúta gur chuir sé ruaig ar an bpéire.

Fágann na sean-chuacha an tír seo faoi Lughnasa agus tugann siad aghaidh ar an Aifric Theas nó ar Áisia mar a gcaitheann siad an gheimhreadh ach fanann mórán de na cuacha óga againn go dtí mí Meadhon Fhoghmhair. Is annamh a cloistear cúchaireacht aca i ndeireanas na bliana, agus dá bharr sin is mó a bhíonn súil againn le na glaodhach san Earrach, ná aon éin eile. Síleadh gur mí Meitheimh amháin a bhain a bhain an glaodh trí-shiollach nó an glaodh briotach mar tugtar air amannta ach cluineadh an glaodh ceadna ag an gcuach i mí na Bealtaine nuair a bhíos an gor faoi lán tseoil. Tá nós aisteach ag an gcuach a bheith a sgiorrach tar bharr balla an ghairdín. As an nós seo na cuaiche a d'éirigh an seanfhocal a deir dá gcuirtí troigh eile airde ar an bhalla go gclisfeadh ar an gcuach agus go mbeadh toradh céadtach san ngairdín. Ach ní chlisfeadh go bráthach ar an gcuach ach oiread is thiocfadh an t-ádh i mbealach ár bhfurmóir sgiorrach sí tar an mballa.